Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**10129/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0249(COD)**

**JAI 771**
**FRONT 258**
**VISA 142**
**SIRIS 70**
**CADREFIN 325**
**CODEC 962**
**COMIX 348**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Meitheamh 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 331 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Bhainistiú Teorann agus do Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 331 final.

Faoi iamh: COM(2021) 331 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.6.2021
COM(2021) 331 final

2018/0249 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Bhainistiú Teorann agus do Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha**

2018/0249 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Bhainistiú Teorann agus do Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2018) 473 final – 2018/0249 COD): | An 12 Meitheamh 2018 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | An 17 Deireadh Fómhair 2018 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | An 13 Márta 2019 |
| An dáta a glacadh an cur chuige ginearálta páirteach ón gComhairle: | An 7 Meitheamh 2019 |
| An dáta a glacadh an cur chuige ginearálta ón gComhairle: | An 12 Deireadh Fómhair 2020 |
| Dáta an tríú cruinniú tríthaobhach inar thángthas ar chomhaontú sealadach: | An 10 Nollaig 2020 |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | An 14 Meitheamh 2021 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Tá an togra seo ina chuid de phacáiste an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2020 a chuir an Coimisiún ar aghaidh i mí na Bealtaine 2018. Leis na bearta coiteanna i ndáil leis an trasnú teorainneacha inmheánacha a dhéanann daoine agus maidir le rialuithe teorann ag teorainneacha seachtracha agus an comhbheartas víosaí, áirithítear go mbaintear amach cuspóir an Aontais i dtaca le saorghluaiseacht laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

Ina fhianaise seo, mhol an Coimisiún ciste a chur ar bun a bheidh ina chomharba ar Chiste Slándála Inmheánaí 2014-2020 trí Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV) a bhunú mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (IBMF). Ionstraim um Threalamh Rialaithe Custaim (ITRC) is ea an chuid eile den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha. Bhí sé beartaithe le moladh an Choimisiúin maidir leis

an Ionstraim um Threalamh Rialaithe Custaim go dtabharfaí aitheantas do ról na n-údarás custaim i dtaca le cosaint ár dteorainneacha uile (teorainneacha mara, aeir, talún agus moil phoist), an trádáil a éascú agus saoránaigh a chosaint ar earraí contúirteacha agus bréige.

Léiríonn an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha gur tosaíochtaí iad bainistiú teorainneacha agus an tslándáil inmheánach araon arbh fhiú ionstraimí airgeadais tiomnaithe agus níos spriocdhírithe a chur leo.

Tá cosaint éifeachtach theorainneacha seachtracha an Aontais ríthábhachtach chun na dúshláin a bheidh ann amach anseo a bhainistiú agus chun an tslándáil inmheánach a áirithiú. Tá sé sin ríthábhachtach freisin chun limistéar Schengen a chaomhnú ionas nach mbeidh rialuithe i bhfeidhm ann ag na teorainneacha inmheánacha.

Le blianta beaga anuas, tugadh isteach roinnt beart chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ata ann faoi láthair agus chun an dúshraith is gá a leagan síos le haghaidh teorainneacha daingne cliste a áirithiú.

Tacóidh an BMVI leis na hiarrachtaí leanúnacha sin, agus méadóidh sé an tacaíocht a thuilleadh chun ár dteorainneacha seachtracha a dhaingniú, agus béim a leagan ar an méid seo a leanas:

(a) níos mó tacaíochta do na Ballstáit chun teorainneacha seachtracha an Aontais a dhaingniú;

(b) daingne na gcóras mórscála TF a úsáidtear le haghaidh rialú teorainneacha a áirithiú agus a áirithiú gur féidir leo feidhmiú go rianúil le chéile agus leis na córais náisiúnta;

(c) a áirithiú go gcuirfear comhbheartas víosaí an Aontais in oiriúint do na hábhair imní slándála atá ag dul i méid, do dhúshláin a bhaineann leis an imirce agus do dheiseanna nua a chuirtear ar fáil a bhuí le forbairtí teicneolaíochta.

Ba cheart go leanfaí den tacaíocht chistiúcháin do na Ballstáit chun a n-acmhainneacht a fhorbairt agus a fheabhsú sna réimsí sin agus chun an comhar a threisiú, agus é sin a dhéanamh le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais freisin. Thairis sin, cuideoidh sé le leibhéal cosanta comhchosúil a áirithiú ag na teorainneacha, trí dhul i ngleic leis na difríochtaí atá ann faoi láthair idir na Ballstáit mar gheall ar a suíomh geografach mar aon leis na difríochtaí i dtaca leis na hacmhainneachtaí agus na hacmhainní atá ar fáil.

Cuirfidh BMVI níos mó solúbthachta ar fáil i gcomparáid leis an gclárthréimhse a bhí ann roimhe seo, agus áiritheoidh sé ag an am céanna go stiúrfaí an cistiú i dtreo thosaíochtaí agus ghníomhaíochtaí AE lena gcuirfear breisluach suntasach ar fáil don Aontas. Leis na sásraí nua chun cistiú a leithdháileadh ar bhainistíocht chomhroinnte, idir dhíreach agus indíreach, tabharfar aghaidh ar dhúshláin agus ar thosaíochtaí nua. Áirítear leis sin saoráid théamach faoi mar a thugtar air, saoráid lena gcuirtear roghanna éagsúla ar fáil i dtaca le modhanna cur chun feidhme le linn na clárthréimhse.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle arna ghlacadh ar an gcéad léamh, léirítear go soiléir an comhaontú ar thángthas air ag an gcruinniú tríthaobhach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, a tugadh i gcrích an 10 Nollaig 2020. Is iad seo a leanas príomhphointí an chomhaontaithe sin:

**Buiséad:** Rinneadh na himchlúdaigh airgeadais a ailíniú leis na méideanna a comhaontaíodh le haghaidh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Faoin gCiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, roinntear EUR 6.2 billiún de réir praghsanna reatha idir BMVI a gheobhaidh EUR 5.2 billiún agus an CCEI a gheobhaidh EUR 1.0 billiún. Thairis sin, bainfidh BMVI tairbhe as leithdháileadh breise EUR 1 billiún de réir praghsanna 2018, de thoradh an choigeartaithe chlárshonraigh dá bhforáiltear in Airteagal 5 agus in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle (i.e. rialachán MFF). Leithdháilfear an EUR 1 billiún sa bhreis, de réir praghsanna 2018, ina iomláine (100 %) ar an tsaoráid théamach. Thairis sin, coinníodh an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcoinníollacht a bhaineann le cistiú breise a fháil ag céim an athbhreithnithe lár téarma. Faoi mar a mhol an Coimisiún ní mór do Bhallstát iarratais ar íocaíochtaí a chur isteach lena gcumhdófar 10 % ar a laghad den leithdháileadh tosaigh dá chlár le bheith incháilithe chun leithdháileadh breise a fháil dá chlár san athbhreithniú lár téarma.

**Íoschéatadán cistiúcháin:** Déanfar tairseach íosta 10 % de na hacmhainní le haghaidh chláir na mBallstát a leithdháileadh ar an gcuspóir sonrach a thacaíonn leis an gcomhbheartas víosaí chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú maidir le víosaí a eisiúint agus chun taisteal dlisteanach a éascú, agus cuidiú le rioscaí imirce agus slándála a chosc, faoi réir an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit gan é sin a dhéanamh i gcásanna a bhfuil údar cuí acu.

**Raon feidhme na tacaíochta:** Na gníomhaíochtaí incháilithe a liostaítear in Iarscríbhinn III (Raon Feidhme na Tacaíochta) a ghabhann le BMVI, comhaontaíodh iad a bhainistiú mar a leanas:

(a) Fanfaidh Iarscríbhinn III ina liosta gníomhaíochtaí nach bhfuil uileghabhálach chun críoch na gclár a tharraingeoidh na Ballstáit suas;

(b) Beidh Iarscríbhinn III ina liosta gníomhaíochtaí nach bhfuil uileghabhálach (‘liosta iata’) chun críocha chláir oibre na saoráide téamaí, ach amháin i gcás cúnamh éigeandála. Féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí a chur le hIarscríbhinn III trí bhíthin gníomh tarmligthe.

**Tríú tíortha agus gné sheachtrach an Chiste**: Tháinig siad ar chomhaontú ar bhonn an mhéid seo a leanas:

(a) Coimircí breise a áirítear le haghaidh gníomhaíochtaí i dtríú tíortha agus maidir le tríú tíortha (e.g. teastaíonn formheas roimh ré ón gCoimisiún le haghaidh thionscadail na mBallstát i dtríú tíortha nó i ndáil le gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, agus ní fhéadfaidh eintitis incháilithe atá bunaithe i dtríú tíortha cistiú a fháil ach amháin má tá siad ina gcuid de chuibhreannas a bhfuil eintiteas amháin de ar a laghad bunaithe i mBallstát);

(b) Forálacha a áirítear chun béim a leagan ar chineál inmheánach an chiste agus cé go bhféadfadh gníomhaíochtaí i dtríú tíortha nó maidir le tríú tíortha a bheith ann fós, ba cheart go príomha gur do bheartas inmheánach an Aontais a bheadh na cláir ag fónamh.

**Nósanna imeachta maidir le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh:** Comhaontaíodh cláir oibre na saoráide téamaí a ghlacadh trí ghníomhartha cur chun feidhme faoin nós imeachta scrúdúcháin (leis an ‘gclásal níl aon tuairim ann’). Áiríodh an nós imeachta níos tapúla maidir le gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme go díreach le haghaidh cúnamh éigeandála. Déanfar teimpléad na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht a ghlacadh trí ghníomh cur chun feidhme atá faoi réir an nóis imeachta chomhairligh.

**Trealamh ilchuspóireach:** Leathnaíonn an comhaontú an raon feidhme i dtaca le húsáid ilchuspóireach trealaimh agus córas TFC. Féadfar iad a úsáid ní hamháin i dtaca le rialú

custaim agus oibríochtaí de chineál ilchuspóireach ach chomh maith leis sin chun cuspóirí an dá Chiste Gnóthaí Home eile a bhaint amach, go háirithe an Ciste Slándála Inmheánaí, agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, ach príomhchuspóir an trealaimh sin agus na gcóras TFC sin (uasmhéid 30 % de thréimhse iomlán na húsáide) a bheith i gcomhréir leis an Rialachán seo agus ar choinníoll go seachnaítear an maoiniú dúbailte.

**Trealamh oibriúcháin:** Comhaontaíodh go mbeadh na Ballstáit freagrach as comhlíonadh na gcaighdeán a leagtar síos ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, ach níor iarr siad formheas ón nGníomhaireacht áfach.

**Cuardach agus tarrtháil:** Cuirfidh BMVI tacaíocht ar fáil do na hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála a dhéantar i gcásanna a d'fhéadfadh tarlú le linn oibríochtaí faireachais teorainneacha ar muir.

**Tacaíocht oibriúcháin:** Céatadán an leithdháilte BMVI a d'fhéadfaí a thabhairt don tacaíocht oibriúcháin, méadaíodh é go 33 % (ó 30 % sa togra ón gCoimisiún).

**Víosaí:** Comhaontaíodh go mbeidh cúnamh ar fáil chun víosaí a eisiúint ar fhorais dhaonnúla, víosaí a bhfuil bailíocht chríochach theoranta acu, ar chúiseanna leasa náisiúnta nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta i gcomhréir le acquis an Aontais maidir le víosaí.

**Córais mhórscála TF a mhaoiniú:** Comhaontaíodh go mbeadh liosta iata de choráis-TF incháilithe ann, agus de chórais-TF mhórscála, a bhféadfar ráta níos airde cómhaoinithe 90 % a thabhairt dóibh.

**Meascadh:** Scriosadh Airteagal 19 lenar foráladh go bhféadfaí oibríochtaí measctha a dhéanamh.

**Eagraíochtaí idirnáisiúnta:** Rinneadh forálacha nua maidir le hiniúchadh agus rialú eagraíochtaí idirnáisiúnta a chomhtháthú.

**Táscairí feidhmíochta:** Rinneadh na táscairí toraidh agus táscairí aschuir in Iarscríbhinní V agus VIII a chuíchóiriú.

**Cúlghabhálacht:** Ós amhlaidh nach nglacfar an gníomh roimh dheireadh na bliana 2020, cuireadh forálacha cúlghabhálachta san áireamh.

Tríd agus tríd, an comhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air, is comhaontú é a chloíonn le cuspóirí an togra tosaigh ón gCoimisiún, cé go b'fhéidir go bhfuil níos lú solúbthachta agus simpliú sa seasamh comhaontaithe ná a moladh ar dtús. An leibhéal uaillmhéine a bhí ann ar dtús, sin é an leibhéal a choinníonn an comhaontú ar bun, agus cuireann sé bunús dlí inoibrithe ar fáil le cuspóirí na hIonstraime a chur chun feidhme.

Chuir an Coimisiún in iúl sa chruinniú tríthaobhach polaitiúil a tugadh i gcrích an 10 Nollaig 2020 go bhféadfadh sé glacadh leis na heilimintí a comhaontaíodh idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle chun críoch comhaontaithe chríochnaithigh.

## 4. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle.